# Glór Cheatharlach

## Spraoicheist Gael Linn



**Halla lán ag Spraoicheist Gael Linn**

REACHTÁILEADH ócáid an-speisialta trí Ghaeilge i gCeatharlach le déanaí do dhaltaí ins na hardranganna i mbunscoileanna an cheantair. Spraoicheist an tSamhraidh a bhí i gceist, eagraithe ag Gael Linn i gcomhar le Glór Cheatharlach, agus d'éirigh go hiontach leis an ócáid. Ghlach breis is tríocha foireann páirt sa spraoicheist atá seanbhunaithe anois agus aitheanta mar cheann de na buaicphointí i saol na Gaeilge do dhaoine óga i gCeatharlach. Bhí halla spóirt na Gaelscoile lán go béal go luath tar éis a deich a chlog ar maidin.Thángadar ag siúl, i gcarranna agus i mbusanna ó dheich scoil. Bhíodar ann ó Scoil Mhuire gan Smál, Gleann Uisean, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Scoil an Easboig Uí Fhoghlú, Tigh an Raoireann, Scoil Chailíní an Teaghlaigh Naofa, Scoil Naomh Bríd Mhuinebheag, An Bóthar Glas, Baile na mBreathnach agud Díseart Diarmada.

Bhí éagsúlacht an-mhaith agus réimse an-leathan de cheisteanna le freagairt bunaithe ar spórt agus ceol, scannáin agus cláracha teilifíse, leabhair agus eolas ginearálta. Niamh de Búrca thar cheann Gael Linn a bhí ag cur na gceisteanna agus bhí muintir Ghlór Cheatharlach i mbun marcála. Tugadh raidhse de spotdhuaiseanna amach i rith an ama. Bhain cuid de na foirne scóranna an-ard amach le foireann na Gaelscoile ag barr an liosta le caoga seacht marc as seasca. Ar an bhfoireann bhí Leon Mac Conchoille, Rachel Ní Chaomhánaigh, Grace Ní Cheallaigh agus Lúc Ó hÉideáin. Scoil Dhiarmada as Díseart Diarmada a tháinig sa dara háit agus bhí Ciarán Ó Raghallaigh, Jennifer Ní Icí, Gavin Ó Raghallaigh agus Finn Ó Dúill ag ceiliúradh. Bhain foireann eile na Gaelscoile ina raibh Tadhg Ó Ceallaigh, Graeme Harland, Aindriú Mac Eochaidh agus Cathal Ó Muireacháin an tríú háit amach. Bronnadh duaiseanna, plaiceanna agus caipíní Gael Linn ar na foirne buachach uile.

Chun clabhsúr a chur leis an ócáid chuir roinnt de na daltaí ceolchoirm bheag i láthair. Bhí ceol uirlise ó pháistí Ghleann Uisean agus na Gaelscoile agus chan cailíní an Teaghlaigh Naofa agus daltaí ón mBóthar Glas cúpla amhrán. Ócáid agus imeacht an-taitneamhach dar leis na daltaí agus múinteoirí uile. Maidin álainn trí Ghaeilge mar chuid den lá scoile ach lasmuigh den seomra ranga. Ghabh Niamh de Búrca buíochas leis na daltaí agus na múinteoirí, le Glór Cheatharlach agus le bainistíocht na Gaelscoile as a dtacaíocht do Spraoicheist Gael Linn 2013.

| **GLOSSARY:** | **GLUAIS:** |
|---|---|
| ócáid | occasion |
| daichead | forty |
| i láthair | present |
| éagsúlacht | variety |
| eolas Ginearálta | general knowledge |
| scóranna | scores |
| clabhsúr | closure |
| taispeántas | exhibition |
| bainistíocht | management |


**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**

**Glór Cheatharlach**

**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**

**(059) 9158105 / (085) 1340047**

emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie

Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!




**Scoil Dhiarmada a tháinig sa dara háit sa Spraoicheist le Niamh de Búrca, Gael Linn**



**Foireann na Gaelscoile a bhuaigh an Spraoicheist leis an bpríomhoide Aingeal úi Dhálaigh agus Niamh de Búrca, Gael Linn**

## Ciorcail Ghaeilge ag scor don samhradh

REACHTÁILFEAR na ciorcail Ghaeilge deireannacha i gCeatharlach an tseachtain seo roimh bhriseadh an tsamhraidh. Cuirfear fáilte roimh chainteoirí agus foghlaimeoirí na teanga ag Is Leor Beirt ins an leabharlann maidin inniu Dé Máirt, 25 Meitheamh ag tosnú ag 10.30r.n. Tionólfar an ciorcal Sult sa Teach Bar ar an Déardaoin, 27 Meitheamh ag 9.00i.n. Ina dhiaidh sin scorfaidh an dá chiorcal chomh maith le Gaeilge Le Chéile i dteach tábhairne Reddys don samhradh le filleadh ar ais arís sa fómhar.

## Campaí agus Coláiste beagnach lán

TÁ an-éileamh ar áiteanna sa choláiste samhraidh agus sna campaí samhraidh a bheidh ar siúl i gCeatharlach i Mí Iúil. Beidh an coláiste samhraidh, a bheidh oiriúnach do dhéagóirí i Rang 6 go Bliain 6, ar siúl ar feadh coicíse ó 1-12 Iúil. Beidh rogha de dhá sheachtain ag Campa na nÓg do pháistí aois 4-6 bliana ó 8-12 agus ó 15-19 Iúil. Déanfaidh an campa samhraidh freastal ar pháistí bunscoile ó 15-19 Iúil. Chun áit a chur in áirithe ní foláir dul i dteagmháil gan mhoill le Glór Cheatharlach. Buail isteach chuig an oifig ar Shráid an Coláiste atá díreach trasna ón Ardeaglais. Is féidir glaoch a chur ar 085 1340047, 087 2857048 nó scríobh chuig e mma@glorcheatharlach.ie.



Tabharfaidh an Campa Samhraidh cuairt ar Ghairdíní Delta

| **GLUAIS:** | **GLOSSARY:** |
|---|---|
| éileamh | demand |
| áiteanna | places |
| oiriúnach | suitable |
| rogha | choice |
| freastal | serve |
| in áirithe | reserve |
| gan mhoill | immediately |




**Frances Threadgold, principal FCJ secondary school, Bunclody, presenting a cheque to Gillian Murphy and Paula Kinsella, of Castledockrell, as sponsorship for their recent charity Sky Dive. The funds they raised are being divided between the Cochlear Department, Beaumont Hospital and the South East Branch of the Samaritans. Also pictured is Kaylin Kinsella, brother of Paula, who has been treated at the Beaumont Cochlear Unit**